An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 12 – 26 Eanáir 2024

**LÁTHAIR:** Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

**DÁTA:** Dé hAoine, an 26 Eanáir 2024

**AM:** 10:30 – 13:00

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról | Modh |
|---|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach | Ar an Láthair |
| Sinéad Coleman | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| John Howlin | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta | Ar an Láthair |
| An Ceannfort Seán Glynn | An Garda Síochána | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Mags Campbell | An Roinn Oideachais | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Eithne Fox | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta | Ar an Láthair |
| Elaine Bird | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta | Ar an Láthair |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí | Ar an Láthair |
| An Dr. Kerron Ó Luain | Ollscoil na Gaillimhe | Comhalta Taighde – Foireann Taighde | Ar an Láthair |
| Colm Ó Cinnseala | Ollscoil na Gaillimhe | Comhalta Taighde – Foireann Taighde | Ar an Láthair |

**IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:**

- Ní raibh Jim Molloy ná Breandán Mac Craith, ionadaithe don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Foras na Gaeilge faoi seach, in ann freastal ar an gcruinniú. Ní raibh Sadhbh Ó Cinnseala, an Príomhoifigeach ábhartha ón RTCEGSM, in ann freastal ach an oiread.

## PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh go ndéanfadh comhaltaí an Choiste dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a ghlanadh trí ríomhphost laistigh de sheachtain;
- Aontaíodh go ndéanfadh comhaltaí an Choiste dréacht-téarmaí tagartha don ghrúpa oibre teicniúil atá le bunú i leith Alt 9A agus Alt 9B den Acht mar aon le Seirbhísí Idirghníomhacha trí ríomhphost laistigh de choicís;
- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 23 Feabhra 2024, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1;
- Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do Chonradh na Gaeilge a mholtaí a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh ag a gcéad chruinniú eile ar an 23 Feabhra 2024.

## PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

### 1. Fáilte ón gCathaoirleach:

- Cuireadh tús leis an gcruinniú le ráiteas oscailte ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic;
- Chuir sé fáilte faoi leith roimh Elaine Bird, ionadaí nua na Roinne Coimirce Sóisialaí ar an gCoiste.

### 2. Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:

- Aontaíodh go ndéanfadh comhaltaí an Choiste dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a tionóladh ar Aoine, an 24 Samhain 2023 a ghlanadh trí ríomhphost laistigh de sheachtain.

### 3. Nithe atá tagtha chun cinn:

### 3.1. Alt 9A den Acht Leasaithe – Téarmaí Tagartha do Ghrúpa Oibre Teicniúil:

- Rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréacht-téarmaí tagartha don ghrúpa oibre teicniúil ata le bunú i leith Alt 9A agus Alt 9B den Acht mar aon le Seirbhísí Idirghníomhacha, agus rinneadh plé ginearálta orthu sin;
- Maidir leis na comhlachtaí a moladh le bheith rannpháirteach ar an ngrúpa oibre teicniúil, moladh go n-áireofaí ionadaí neamhspleách le saineolas teanga ar an ngrúpa oibre. Cuireadh in iúl go bhféadfadh ceachtar den bheirt ionadaithe neamhspleácha ar an gCoiste Comhairleach bheith páirteach sa Ghrúpa dá mba mhian leo;
- Aontaíodh go ndéanfadh comhaltaí an Choiste na dréacht-téarmaí tagartha sin a ghlanadh trí ríomhphost laistigh de choicís.

### 4. Cur i Láthair – Foireann Taighde Ollscoil na Gaillimhe:

- D'fháiltigh an Cathaoirleach roimh fhoireann taighde Ollscoil na Gaillimhe a bhí i láthair chun staid reatha an taighde a chur i láthair an Choiste;
- Tar éis an chuir i láthair, bhí seisiúin ceisteanna agus freagraí ann a chuimsigh:

    - sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta agus an chomhaireamh a bheidh ag earcaigh nua mar aon le fosaithe reatha na hearnála phoiblí a éiríonn leo ról le Gaeilge a bhaint amach trí ardú céime;
    - plé ginearálta ar earcaíocht in eagraíochtaí na gcomhaltaí;
    - plé ar na suirbhéanna atá le heisiúint chuig comhlachtaí poiblí i ndáil leis na míreanna ábhartha den taighde, go háirithe margaíocht na suirbhéanna sin chun rátaí freagartha leordhóthanacha a chinntiú.

5. **Forbairt an Phlean Náisiúnta:**
    - Dúradh gur síneadh an conradh taighde go dtí an 31 Márta 2024 chun leanúnachas sa tseirbhís a chinntiú don spriocdháta reachtúil.

6. **Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:**
    - Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
        - Alt dar dáta an 29 Samhain 2023 ar Tuairisc.ie maidir le maoiniú don Ghaeilge in 2024 agus an €500,000 breise a fuarthas chun an reachtaíocht teanga a chur i bhfeidhm go rathúil.
        - Alt dar dáta an 7 Nollaig 2024 ar Tuairisc.ie maidir le comórtas *Aistritheoirí Óga* do dhaltaí iarbhunscoile agus tagairt déanta do líon na deiseanna dóibh siúd a bhfuil le hinniúlacht i nGaeilge ag méadú in Éirinn chomh maith de bharr tionchar an Achta.
        - Ailt éagsúla ar cheapachán an Choimisinéara Teanga nua agus a thuairimí ar na tosaíochtaí romhainn:
            - Dar dáta an 6 Nollaig 2023 ar Tuairisc.ie;
            - Dar dáta an 6 Nollaig 2023 ar Tuairisc.ie;
            - Agallamh dar dáta an 6 Nollaig 2023 ar Tuairisc.ie;
            - Alt dar dáta an 13 Nollaig 2023 ar RTÉ; agus
            - Alt dar dáta an 14 Nollaig 2023 ar Tuairisc.ie.
        - Alt dar dáta an 16 Nollaig 2023 sa Sun maidir le líon na nGardaí a dhearbhaigh go bhfuil inniúlacht sa teanga acu - níos mó ná duine as gach deichniúr de réir na Roinne Rialtais ábhartha.
        - Alt dar dáta an 10 Eanáir 2024 ar Sheachtain an Irish Independent maidir leis an deontas a ceadaíodh chun líonra Gaeilge a bhunú agus a fhorbairt don earnáil phoiblí.
        - Alt dar dáta an 24 Eanáir 2024 ar Tuairisc.ie maidir le himní atá léirithe ag Bord Fhoras na Gaeilge faoi chaighdeán na Gaeilge i bhfógraí comhlachtaí poiblí.
        - Alt dar dáta an 25 Eanáir 2024 ar Tuairisc.ie maidir le húsáid an chórais TEG mar chuid d'fhoghlaim na Gaeilge ag leibhéal iarbhunscoile.
        - Alt dar dáta an 26 Eanáir 2024 ar Tuairisc.ie maidir le soláthar seirbhísí poiblí i nGaeilge ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
            - Soiléiríodh, cé go ndearna an t-alt seo tagairt do chruinniú idir Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann agus an Roinn TCEGSM, nár tionóladh cruinniú den sórt sin in aon chor agus gur ceartaíodh an taifead ar iarratas na Roinne.

- Rinneadh plé ar an alt ar [Tuairisc.ie](Tuairisc.ie) den 24 Eanáir 2024, go háirithe i gcomhthéacs Shéala an Aistriúcháin agus fógraíocht agus an tábhacht a bhaineann le leanúint leis an deimhniúchán sin.
- Luadh alt eile ar [Tuairisc.ie](Tuairisc.ie) den 25 Eanáir 2024 maidir le hathbhunú an liúntais Ghaeltachta a íocadh le hoibrithe sa tseirbhís phoiblí agus rinneadh plé ginearálta air sin.

**7. Dáta don Chéad Chruinniú Eile:**

- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 23 Feabhra 2024, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

**8. Aon Ghnó Eile:**

- Cuireadh in iúl go ndeachaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí os comhair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge Dé Céadaoin, an 24 Eanáir 2024 chun beartas earcaíochta a phlé maidir lena róil faoi seach in earcaíocht don státseirbhís.



2 Bealtaine 2024

| | |
|---|---|
| Rúnaí | Dáta Faofa |